Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**9671/17**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0121 (COD)**

**TRANS 215**
**SOC 441**
**EMPL 342**
**MI 456**
**COMPET 450**
**CODEC 926**
**IA 96**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 187 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus, íos-sosanna tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus Rialachán (CE) 165/2014 i dtaca le suíomh le tacagraif agus Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le hoibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 187 final.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 187 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2017
SWD(2017) 187 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus, íos-sosanna tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus Rialachán (CE) 165/2014 i dtaca le suíomh le tacagraif**

**agus**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le hoibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar**

{COM(2017) 277 final}
{COM(2017) 278 final}
{SWD(2017) 184 final}
{SWD(2017) 185 final}
{SWD(2017) 186 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)**

An measúnú tionchair le haghaidh togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) 561/2006 maidir le tréimhsí tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe tiománaithe, agus le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ham oibre oibrithe soghluaiste in iompar de bhóthar, Treoir 96/71/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le hoibrithe in earnáil an iompair de bhóthar a phostú.

**A. An gá atá le beart**

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

Is iad seo na fadhbanna is mó a sainaithníodh:

- Dálaí oibre agus sóisialta neamh-leordhóthanacha tiománaithe;
- Saobhadh iomaíochta idir na hoibreoirí iompair.

Is éard is cúis leo:

  - laigí sa reachtaíocht shóisialta maidir le hiompar de bhóthar atá ann faoi láthair (tréimhsí tiomána, oibre agus scíthe tiománaithe);
  - cur chun feidhme mí-éifeachtúil na bhforálacha maidir le hoibrithe in iompar de bhóthar a phostú.

Bhí baint acu freisin le saincheisteanna margaidh na gcuideachtaí 'caocha' agus an chabatáiste mhídhleathaigh ar tugadh aghaidh orthu i measúnú tionchair eile[1]. Táthar ag súil leis go mairfidh agus go méadóidh na fadhbanna sin mura ndéanfaidh AE idirghabháil.

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta na hidirghabhála:

- dálaí oibre sásúla agus cosaint shóisialta a áirithiú do thiománaithe;
- saobhadh ar iomaíocht a sheachaint;
- cur le sábháilteacht ar bhóithre.

Is iad seo a leanas a chuspóirí sonracha:

  - rialacha sóisialta AE maidir le hiompar de bhóthar a shoiléiriú agus a choigeartú (rialacha maidir le postú san áireamh);
  - foráil a dhéanamh sa chaoi go léirmhíneofar agus go gcuirfear i bhfeidhm na rialacha go haonfhoirmeach;
  - forfheidhmiú trasteorann cost-éifeachtach na reachtaíochta sóisialta a éascú;
  - comhar idir na Ballstáit a neartú.

Is é an sprioc fhoriomlán atá ann cothromaíocht a chur ar bun idir a áirithiú go gcosnófar cearta na n-oibrithe agus an tsaoirse ag oibreoirí seirbhísí trasteorann a sholáthar a éascú.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Ní dócha go réiteofar laigí na rialacha gan beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Is cosúil nár éirigh leis na hiarrachtaí a rinneadh go dtí seo ar a áirithiú go mbeidh tuiscint choiteann ar na rialacha agus go bhforfheidhmeofar iad go comhsheasmhach. Dá bhrí sin, tá údar maith le bearta ó AE chun réiteach ó AE a chur ar fáil agus chun iolrú na mbeart éagsúil náisiúnta a sheachaint. Is é breisluach AE go bhforálfar go mbeidh rialacha soiléir cothrom, go gcuirfear chun feidhme iad, go gcuirfear i bhfeidhm iad agus go bhforfheidhmeofar iad go haonfhoirmeach, rud nach féidir a bhaint amach ar leibhéal na mBallstát.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?**

<u>Pacáiste Beartas 1: An creat dlí a shoiléiriú agus an comhar a fheabhsú –</u> bearta lena soiléirítear débhríonna gan na rialacha a athrú go mór agus lena bhfeabhsaítear an comhar idir údaráis forfheidhmiúcháin gan tionchar mór ar na costais.

<u>Pacáiste Beartas 2: Forfheidhmiú a neartú agus athruithe ar oibleagáidí –</u> seachas na bearta i bPB1, tá bearta ann lena n-oiriúnaítear rialacha áirithe agus lena neartaítear forfheidhmiú, rud is féidir a mbainfidh roinnt costas rialála leis.

<u>Pacáiste Beartas 3: Athbhreithnithe spriocdhírithe ar an reachtaíocht shóisialta –</u> athruithe móra ar na forálacha atá ann cheana agus lena dtugtar isteach maoluithe ar raon feidhme na reachtaíochta. le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha

[1] An t-athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar agus ar Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 maidir le rochtain ar an margadh tarlaithe de bhóthar

Is é Pacáiste Beartas 2 an rogha thosaíochta i leith forfheidhmiú a neartú agus creat dlí AE a shoiléiriú.

Tá Pacáiste Beartas 4 comhthreomhar agus foráiltear ann maidir le rialacha earnáilsonracha maidir le postú in iompar – tá bearta ann le haghaidh ceanglais riaracháin agus rialúcháin níos éadroime agus ceithre leagan a fhreagraíonn do 4 thairseach: 3 lá sa mhí (PB4a), 5 lá (PB4b), 7 lá (PB4c) agus 9 lá (PB4d) le haghaidh fad carntha iomlán gníomhaíochtaí a rinneadh i dtíortha is óstaigh, agus dá mbeadh an fad faoin tairseach sin, ní bheadh an tiománaí faoi réir chur i bhfeidhm na Treorach maidir le hOibrithe a Phostú. Laghdaítear an t-ualach riaracháin go mór, is cuma cén tairseach atá ann. Tá na costais chomhlíonta ar oibreoirí níos ísle i gcás na dtairseach is airde. I dtaca leis an hoibrithe de, is ag na tairseacha ama is ísle atá na dea-éifeachtaí is mó maidir le dálaí sóisialta agus oibre na dtiománaithe a fheabhsú agus an post a dhéanamh níos tarraingtí. Ós rud é go bhfuil tionchair éagsúla ag gach rogha agus gur deacair iad a chur i gcomparáid le chéile, is cinneadh polaitiúil é an cinneadh cé acu rogha atá le coinneáil.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo Cé atá i bhfách le cén rogha?**

Is é PB1 an rogha a fuair an tacaíocht is lú ó na grúpaí geallsealbhóirí uile. Fuair PB2 tacaíocht fhorleathan ó oibreoirí agus tiománaithe mar gur féidir, leis na bearta ann, oibríochtaí iompair a eagrú níos éifeachtúla, na ceanglais maidir le tréimhsí oibre agus scíthe a dhéanamh níos fabhraí agus níos oiriúnaí agus forfheidhmiú níos éifeachtúla aonfhoirmí a bheith ann. Chuir na ceardchumainn agus na húdaráis náisiúnta tuairimí éagsúla i láthair. Is é PB3 rogha an tionscail busanna agus cóistí (na 15 Bhallstát, leagan mór, den chuid is mó). Ní thugann na ceardchumainn tacaíocht ach do bheart amháin de chuid PB3 (an toirmeasc ar phá ar bhonn feidhmíochta). Diúltaíonn siad na bearta eile. Is é PB4 rogha an tionscail agus fhormhór na mBallstát mar go gcuirtear réitigh shoiléire chomhréireacha ar fáil ann le haghaidh forálacha postúcháin a chur i bhfeidhm. Ta na ceardchumainn agus trí Bhallstát i gcoinne réiteach na dtairseach ama a gcuirfí an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú i bhfeidhm go hiomlán dá bharr.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad tairbhí na rogha tosaíochta?**

- Feabhas ar dhálaí oibre agus scíthe oibrithe de bharr rialacha níos oiriúnaí solúbtha soiléire maidir le rátaí pá is infheidhme agus dálaí cosanta sóisialta eile i leith oibriú thar sáile, dálaí scíthe níos fearr, giorrú ar na tréimhsí as baile;
- Feabhas ar an acmhainn atá ag oibreoirí obair na dtiománaithe a eagrú níos éifeachtúla;
- Laghdú tuairim agus EUR 785 mhilliún/bliain ar na costais riaracháin ar oibreoirí;
- Méadú ar luach saothair tiománaithe atá páirteach in oibríochtaí iompair i mBallstáit ina bhfuil rátaí pá níos airde;
- Cinnteacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht san fhorfheidhmiú.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

- Méadú beag gearrthéarmach ar na costais forfheidhmiúcháin ar údaráis a d'fhrithaireofaí go fadtéarmach le forfheidhmiú níos éifeachtúla;
- Méadú beag gearrthéarmach ar na costais chomhlíontachta agus riaracháin ar oibreoirí de dheasca na hoibleagáide maidir le cóiríocht le haghaidh scíth sheachtainiúil rialta, an gá is féidir a bheidh ann tiománaithe nua a fhostú agus na tuarastail níos airde atá i mBallstáit is óstaigh a chur i bhfeidhm.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Ní mheastar go mbeidh tionchar faoi leith ag formhór na mbeart ar FBManna. Mar sin féin, is féidir go ndéanfaidh an oibleagáid maidir le cóiríocht do thiománaithe agus na hathruithe ar ríomh an ama oibre sheachtainiúil difear do níos mó micreachuideachtaí a bhfuil níos lú solúbthachta iontu i leith oibríochtaí a eagrú chun an méadú ar na costais a sheachaint. Os a choinne sin, an laghdú a bhfuiltear ag súil leis ar na costais riaracháin agus chomhlíontachta a bhaineann leis na forálacha postúcháin, beidh sé níos mó i gcás cuideachtaí beaga, go háirithe na cuideachtaí as na 13 Bhallstát.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ní imreofar. Ní dhéanfar ach méadú beag gearrthéarmach ar na costais forfheidhmiúcháin a gheofar ar ais san fhadtéarma as laghdú ar na costais de bharr rialuithe níos éifeachtúla.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Ní imreofar tionchar ar an gcomhshaol ná tionchar mór ar leibhéal foriomlán na bpost ar leibhéal AE. Sineirgíochtaí leis an tionscnamh maidir le rochtain ar an margadh tarlaithe: 1) feabhas ar éifeachtúlacht an fhorfheidhmithe, 2) comhrac níos éifeachtúla i gcoinne cleachtais fostaíochta mhídhleathacha.

**Comhréireacht?**

Ní sháraíonn an rogha thosaíochta a bhfuil riachtanach chun an bhunfhadhb a réiteach agus chun cuspóirí an

| |
|---|
| tionscnaimh a chomhlíonadh. Leis an tionscnamh, tá réiteach comhréireach cothromaithe curtha ar fáil ar fhadhbanna sóisialta agus iomaíochta atá fite fuaite ina chéile. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar an mheastóireacht *ex-post* de réir timthriall beartais tráthrialta (i gceann 5 - 7 mbliana). |